# ÁITEANNA ILDÁNACHA, BAILE BRIGÍN

## RÁITEAS STRAITÉISE

## 2026 – 2027



# CLÁR ÁBHAR

Réamhrá

Maidir le Baile Brigín

Comhthéacs beartais

Cuspóir

Fís

Misean

Luachanna

Uaillmhian don bhliain 2027

Tosaíochtaí straitéiseacha

Ráitis sprice faoi gach réimse tosaíochta

Comhairliúchán

Faireachán agus meastóireacht

Cistiú agus pleanáil oidhreachta

Aguisín

Bunaíodh an clár 'Áiteanna Ildánacha' sa bhliain 2019. Is clár de chuid na Comhairle Ealaíon é a bhfuil mar aidhm leis 'ceangal le daoine, le healaíontóirí agus le háiteanna, chun go mbeifear in ann smaointe a fhorbairt ina ngníomhartha cruthaitheacha a bhfuil ár n-oileán mar inspioráid acu agus a shaibhríonn ár n-oileán'. Is tionscnamh atá faoi thionchar na ndaoine é lena dtacaítear le háiteanna ar fud na hÉireann nach raibh deiseanna acu tairbhe a bhaint as infheistíocht mharthanach sna healaíona agus sa chruthaitheacht. Tá Baile Brigín ar cheann amháin de na 19 nÁit Ildánacha ar fud na hÉireann a bhfuiltear ag tacú leo.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo smaointeoireacht agus uaillmhian Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall don chlár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín'. Sainítear ann ar dtús an cuspóir atá lenár gclár uathúil agus leagtar amach ann an fhís atá againn maidir leis na nithe ba mhaith linn a bhaint amach don mhuintir agus don bhaile. Soiléirítear ann an misean atá againn, na nithe a dhéanfaimid sna blianta beaga atá romhainn, agus an dóigh a mbainfimid an fhís atá againn amach. Cuirtear in iúl ann na luachanna a threoróidh ár gcuid oibre.

Is go sonrach leis an gclár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' a bhaineann an cuspóir, an fhís, an misean agus na luachanna atá tuairiscithe anseo. Tá siad ag teacht an tráth céanna leo sin atá ag Comhairle Contae Fhine Gall agus atá leagtha amach i bPlean Ealaíon na hOifige Ealaíon 2019-2029, arb é an treochlár atá againn chun beocht a chur sna healaíona sa chontae agus chun beocht a chur sa chontae trí na healaíona.

Dá réir sin, tá na réimsí atá sainaitheanta againn mar na réimsí a ndíreoimidne sa chlár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín', ár gcuid iarrachtaí orthu ag teacht freisin le tosaíochtaí áitiúla agus le tosaíochtaí an chontae. Ina theannta sin, tógann siad ar na nithe atá ar bun agus a bhfuil ag éirí go maith leo cheana féin i mBaile Brigín. Cruthaíonn siad deiseanna nua agus cuireann siad leis an muinín agus leis an dóchas faoin todhchaí freisin.

Thar thréimhse feidhme an chláir, díreoimid ar obair i gcomhar le daoine óga agus ar son daoine óga, ar ghabháil go cruthaitheach do ghníomhú ar son na haeráide agus ar cheangail, acmhainn agus conairí gairme a fhorbairt sna tionscail ildánacha don mhuintir áitiúla. Maidir leis an gcinneadh a rinneadh díriú ar na réimsí tosaíochta sin, tá sé ina léiriú ar an mbonn daonra thar a bheith óg agus cruthaitheach atá ann i mBaile Brigín, cinntíonn sé go rannchuideofar go tráthúil le tosaíochtaí beartais, agus tá sé mar aidhm leis leas a bhaint as an bhforbairt atá ann cheana agus as an bhforbairt a bheidh ann amach anseo i ndáil le bonneagar cultúrtha áitiúil agus i ndáil le comhghuaillíochtaí náisiúnta. Rud ríthábhachtach, i bhfianaise chineál an chláir, tugadh aird freisin, agus na réimsí tosaíochta sin á roghnú, ar chomhrá, ar chomhairliúchán agus ar chaidreamh le daoine ar fud phobail Bhaile Brigín, laistigh den Chomhairle agus le daoine eile a bhfuil saineolas acu ar chomhfhorbairt áite chruthaitheach.

Táimid ag tnúth leis an gcur chuige ionchuimsitheach, éagsúil agus rannpháirtíoch a bhfuil mar shaintréith ag an gclár 'Áiteanna Ildánacha' mar chleachtas a bheith leabaithe laistigh de Bhaile Brigín agus, trí dhéanamh amhlaidh, le braistint chómhuintearais agus ómós áite a chothú i measc a shaoránach.

Is ag Baile Brigín atá stair agus oidhreacht shaibhir éagsúil. Tríd an gclár seo, lena dtugtar ealaíontóirí agus a phobail le chéile, tá deis ag Baile Brigín anois a thodhchaí mar áit ildánach a iniúchadh agus a dheimhniú.

**Sarah O'Neill**
Oifigeach Ealaíon an Chontae

Is baile cósta é Baile Brigín, atá suite i gContae Bhaile Átha Cliath thuaidh, Éire. Agus é ina shráidbhaile beag iascaireachta tráth, tá Baile Brigín ar cheann de na bailte is gasta fás sa tír anois, agus naisc láidre chomaitéireachta aige le cathair Bhaile Átha Cliath, le haerfort Bhaile Átha Cliath agus le tuaisceart na hÉireann.

### Daonra

Agus beagnach 25,000 duine ina gcónaí ann, tá daonra Bhaile Brigín ar cheann de na daonraí is óige agus is éagsúla ó thaobh eitneachta de in Éirinn. Dar le Daonáireamh 2022, ba lasmuigh d'Éirinn a rugadh 33% de dhaonra Bhaile Brigín, agus tá 33% dá dhaonra faoi bhun 18 mbliana d'aois. Agus a chónaitheoirí 33.6 bliain d'aois ar an meán, tá Baile Brigín sainithe mar an baile mór is óige sa tír.

Léirítear i sonraí ó Innéacs Díothachta Pobal HP 2022 an difríocht atá ann idir rachmas agus díothacht i mBaile Brigín. Cé go dtugtar faoi deara go bhfuil saibhreas suntasach ag roinnt limistéar, tá limistéir eile, go háirithe limistéir uirbeacha, i measc na limistéar is mó atá faoi mhíbhuntáiste i bhFine Gall.

### Stair agus oidhreacht

D'fhás Baile Brigín ó shráidbhaile beag iascaireachta ina lárionad monaraíochta agus trádála nuair a bunaíodh monarchana cadáis ann san 18ú haois agus sa 19ú haois. Bhíodh stoca Bhaile Brigín, ar cineál góiséireachta cadáis mhín é, á onnmhairiú ar fud na hEorpa tráth.

Thit ceann de na heachtraí ba dhrámatúla i stair an bhaile amach sa bhliain 1920. Dódh an baile go talamh i mbeart díoltais foréigneach a rinne na Dúchrónaigh le linn Chogadh na Saoirse. Gaireadh Creachadh Bhaile Brigín den eachtra.

Tá roinnt sainchomharthaí tíre stairiúla le fáil sa bhaile, lena n-áirítear Caisleán Bhrí Mhór, Cuan Bhaile Brigín agus Caisleán Ard Giolláin.

### Forbairt agus pleananna don todhchaí

Sainaithníodh Baile Brigín mar phríomhbhaile i bPlean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá clár tiomnaithe athnuachana €57 milliún ar siúl faoi láthair, agus é faoi mhaoirseacht ag an gclár Ár mBaile Brigín. Tá sé mar aidhm leis an bPlean Athnuachana 2025 – 2030 cuspóirí don bhaile a chur chun cinn faoi cheithre cholún: Forbairt Eacnamaíoch; Forbairt Pobail; Oideachas, Scileanna agus Oiliúint; agus Inbhuanaitheacht, Gníomhú ar son na hAeráide, agus Bithéagsúlacht.

Mar chuid den Phlean Athnuachana, cheadaigh Comhairle Contae Fhine Gall pleananna le haghaidh 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath a athfhorbairt ina mhol cruthaitheach. Áirítear leis an bhfís don fhoirgneamh liostaithe agus don láithreán sin stiúideonna ealaíontóirí a fhorbairt, mar aon le spásanna foghlama cruthaithí, clós agus gailearaí taispeántas in aice láimhe.

*Ba lasmuigh d'Éirinn a rugadh 33% de dhaonra Bhaile Brigín, agus* ***tá 33% dá dhaonra faoi bhun 18 mbliana d'aois****.* Agus a chónaitheoirí 33.6 bliain d'aois ar an meán, ***is é Baile Brigín an baile mór is óige sa tír.***

Tá an Ráiteas Straitéise seo don chlár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' bunaithe ar bheartais áitiúla agus náisiúnta ar leith. Tugtar leis na creataí sin bunchloch láidir don chlár, rud a chinntíonn ailíniú le mórthosaíochtaí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha agus a fhreagraíonn an tráth céanna do na riachtanais shonracha agus don fhís shonrach atá ag Baile Brigín.

Tá na beartais sin liostaithe san Aguisín.

## CUSPÓIR | FÍS | MISEAN | LUACHANNA

### CUSPÓIR

Is ann don chlár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' chun na huaillmhianta atá againn do Bhaile Brigín mar bhaile oscailte forásach ina mbláthaíonn daoine agus an chruthaitheacht a spreagadh agus a chumasú.

### FÍS

Is é an fhís atá againn go mbeadh cáil ar Bhaile Brigín mar áit chruthaitheach atá faoi bhláth agus go mbainfí taitneamh as ar an tslí sin:

- Áit ar breá le daoine cónaí ann, obair ann agus cuairt a thabhairt air
- Áit a dtacaítear lenár n-ealaíontóirí saothar den scoth a chruthú
- Áit a mbíonn ár n-earnáil mhéadaitheach ealaíon agus chruthaitheach ag rannchuidiú le rathúnas an bhaile
- Áit a mbraitheann ár ndaoine óga go bhfuil siad ar a suaimhneas agus a mbraitheann ár ndaoine breacaosta go bhfuil meas orthu
- Áit a bhfuil an éagsúlacht mar shaintréith againn

### MISEAN

Is é an misean atá againn deiseanna a chruthú do mhuintir Bhaile Brigín chun ceangal lena chéile ar bhealaí nua cruthaitheacha. Le tacaíocht ó ealaíontóirí, féachaimid le todhchaí mhuiníneach chruthaitheach a iniúchadh agus a bhaint amach don bhaile, ar todhchaí í a léireoidh féiniúlacht, éagsúlacht agus fuinneamh uathúil an bhaile, agus le tionchar dearfach a imirt ar gach duine a chónaíonn agus a oibríonn anseo.



Agus sinn ag smaoineamh faoinár luachanna, is iad luachanna na hOifige Ealaíon – ionracas, muinín, fiosracht agus ionchuimsitheacht – a threoraíonn sinn. Cé go seasfaimid leis na luachanna sin i ngach a ndéanfaimid, shainigh an clár ‘Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín’ a thacar uathúil luachanna féin. Treoróidh na luachanna sin an dóigh a smaoineoimid, an dóigh a n-iompróimid sinn féin agus an dóigh a ndéanfaimid cinntí ar mhaithe leis an gclár agus leis na daoine a bhfreastalaímid orthu.

## DEIS
## a chruthú


Creidimid gur cruthaitheach atá gach duine. Cruthóimid deiseanna don phobal agus d’ealaíontóirí chun gur féidir leo a gcruthaitheacht a nochtadh, a iniúchadh nó a leathnú de réir mar a dhéanaimid na healaíona infheicthe agus inrochtana agus ina gcuid bheoga den ghnáthshaol laethúil i mBaile Brigín.

## CEANGAL
## a chruthú

Táimid ag tnúth le ceangal a chruthú laistigh de phobail, earnálacha, glúnta agus cultúir éagsúla Bhaile Brigín agus ar a bhfud. Aimseoimid agus cothóimid na caidrimh a chruthaíonn deiseanna don am i láthair agus don todhchaí araon.

## DÓCHAS DON AM ATÁ LE TEACHT
## a chruthú

Cabhróimid le daoine smaoineamh chun tosaigh le muinín agus le dóchas faoin todhchaí. Tacóimid leis na huaillmhianta comhroinnte atá againn do Bhaile Brigín mar áit shábháilte chruthaitheach chun fás aníos ann agus chun dul in aois ann. Go háirithe, féachfaimid le conairí gairme dearfacha a chur chun cinn d’ealaíontóirí áitiúla agus do dhaoine óga.



## Is é an uaillmhian atá againn go ndéanfar Baile Brigín a aithint agus a cheiliúradh go forleathan mar áit ildánach faoin mbliain 2027. Beidh braistint nua bhróid agus chómhuintearais ag muintir Bhaile Brigín i leith an bhaile. Smaoineoidh siad faoi Bhaile Brigín agus faoina chéile ar bhealach difriúil, le hoscailteacht, le huaillmhian agus le dóchas don todhchaí.

Go háirithe, táimid ag tnúth leis an tráth a mbeidh tuilleadh gníomhaithe ag daoine óga Bhaile Brigín agus a mbraithfidh siad go bhfuil meas orthu, agus a gcuid fuinnimh ag spreagadh athrú dearfach dóibh féin agus don bhaile.

Beidh na healaíona agus an chruthaitheacht níos infheicthe, níos inrochtana agus níos leabaithe isteach i ngnáthshaol laethúil an bhaile, idir a scoileanna agus a shráideanna. Mar thoradh air sin, beidh a fhios ag níos mó daoine go bhfuil na healaíona ar fáil dóibh agus bainfidh siad taitneamh go muiníneach as na tairbhí a bheidh ag baint lena rannpháirtíocht iontu.

Táthar ag coinne leis go mbeidh 2 – 4 Sráid Bhaile Átha Cliath, ar spás cultúrtha suntasach nua laistigh den bhaile é, ar oscailt faoin mbliain 2027. Beidh obair curtha isteach ag an gclár ‘Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín’ chuige sin, agus an clár ag cothú tuiscint ar na deiseanna a thabharfaidh an spás sin d’ealaíontóirí gairmiúla, do dhaoine óga agus don mhórphobal agus ag cothú ullmhachta chun na deiseanna sin a thapú.

An tráth céanna, trínár gcuid oibre, táimid ag tnúth le feabhas a chur ar an gceangal leis na spásanna áitiúla eile ealaíon agus cultúrtha, lena n-áirítear Ceoláras The Lark, Institiúid Cheoil agus Amhránaíochta na hÉireann, Leabharlann Bhaile Brigín agus Diméin Ard Giolláin, a mhúnlaíonn ceathrú chultúrtha laistigh den bhaile agus den chúlchríoch máguaird.


Beidh caidreamh níos leithne déanta againn freisin leis an earnáil tionscail ildánaigh agus leis na hinstitiúidí tríú leibhéal a fhreastalaíonn ar an earnáil sin. Faoin mbliain 2027, is mian linn go mbeadh comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí sainaitheanta agus forbartha againn a thacaíonn leis an muintir áitiúla agus le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla na huaillmhianta ealaíne agus cruthaitheacha atá acu a chur chun cinn agus rannchuidiú le hathnuachan an bhaile.

Mar bhaile cósta, tá feasacht ar leith againn ar an bhfreagracht atá orainn, agus ar a leochailí atáimid, ó thaobh an chomhshaoil de. Mar thoradh ar na próisis chruthaitheacha atá i gcroílár an chláir seo, beimid in ann freagairtí samhlaíocha barántúla a fhorbairt don ghéarchéim aeráide de réir mar a théann sí i bhfeidhm ar ár bpobail agus beimid in ann gníomhaíocht fhiúntach a dhéanamh ar son an athraithe.

A bhuí leis an stair agus an oidhreacht shaibhir atá aige, leis an déimeagrafach óg an-éagsúil atá aige, leis na pobail sheanbhunaithe ealaíne agus chruthaitheacha atá aige agus leis an gclár tiomnaithe infheistíochta atá ar bun aici, tá roinnt mhaith cúiseanna ann le bheith uaillmhianach maidir le Baile Brigín agus lena mhuintir. Déanfaidh an clár ‘Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín’ a chion féin chun an uaillmhian sin a chur chun cinn, agus na healaíona agus an chruthaitheacht á mbunú mar chroícholún d’athnuachan inbhuanaithe agus folláine pobail Bhaile Brigín.

Shainaithníomar trí thosaíocht straitéiseacha lena saothrú againn thar an gcéad trí bliana eile. Tá na tosaíochtaí sin ag teacht, agus rannchuidíonn siad, le tosaíochtaí an Phlean Ealaíon, a bhfuil mar aidhm leis spás a chruthú don ealaín, daoine agus smaointe a cheangal le chéile, sármhaitheas a chumasú, agus a chinntiú go mbeidh acmhainn ann chun an plean a chur i gcrích. Bhí an comhairliúchán a rinneadh i ráithe 4 den bhliain 2025 ag teacht leis na tosaíochtaí straitéiseacha sin, agus úsáidfear é chun bonn eolais a chur faoi chláreagrú sna blianta 2026 agus 2027.

Díreoidh an clár ‘Áiteanna Ildánacha’ ar thrí réimse oibre a fhorluíonn ar a chéile: Óige Ildánach; Tionscal Ildánach; agus Gníomhú ar son na hAeráide. Freagraíonn na réimsí dírithe sin don chomhthéacs áitiúil, a mhéid a bhaineann leis an mbonn daonra agus le tosaíochtaí beartais áitiúil agus contae araon.




I gcás gach réimse tosaíochta, agus sinn faoi threoir ár luachanna, féachfaimid le deiseanna a chruthú, le ceangail a chothú agus le tógáil don todhchaí, ar mhaithe le hoidhreacht fhiúntach a chinntiú don chlár.

**Gealltanais**

Agus an clár ‘Áiteanna Ildánacha’ á chur i gcrích aici, geallann Comhairle Contae Fhine Gall go gcloífidh sí leis na prionsabail agus na cleachtais seo a leanas:

- Obair **i gcomhpháirt** le daoine eile
- **Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú**
- **Guth éifeachtach** (agus aird ar leith á tabhairt ar ghuth na ndaoine óga agus na ndaoine nach gcloistear a nguth go minic a chumasú agus a mhéadú)
- **Cleachtas atá gafa ón taobh sóisialta de** agus tacaí forbartha gairmiúla d’ealaíontóirí

## Sprioc

Bíonn níos mó daoine óga i mBaile Brigín ag glacadh páirt sna healaíona, ag brath go bhfuil meas orthu agus ag rannchuidiú go muiníneach lena dtodhchaí féin agus le todhchaí Bhaile Brigín.

## Cén fáth ar roghnaíodh an tosaíocht seo?

Tá 33% den 25,000 duine, beagnach, a chónaíonn i mBaile Brigín faoi bhun 18 mbliana d'aois, rud a fhágann go bhfuil Baile Brigín ar an mbaile is óige in Éirinn. Mar gheall ar an bhfás leantach sin, tá sé tábhachtach go mbeadh na healaíona ar fáil do na daoine óga atá ag teacht chun cinn mar rogha inmharthana le haghaidh áineasa, léirithe, deis eacnamaíoch agus ionchuimsithe ina bpobal.

## Cuspóirí

- Daoine óga a chumhachtú páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt na n-ealaíon agus an tsaoil chultúrtha i mBaile Brigín agus ionchur a bheith acu san fhorbairt sin trína nguth a leabú isteach sa phleanáil agus sa chinnteoireacht.
- Tús áite a thabhairt do ghníomhú daoine óga agus dá gcruthaitheacht neamhfhoirmiúil chun a rannpháirtíocht chruthaitheach féin a threorú, a mhúnlú agus a shainiú.
- An chruthaitheacht a shainiú agus a léiriú mar mhodh ríthábhachtach chun daoine óga a cheangal lena bpobal.
- Tionscadail nuálacha chomhoibríocha a choimisiúnú atá freagrúil don saol a chaitheann daoine óga i mBaile Brigín.
- Timpeallachtaí a chruthú ina bhfuil daoine óga sábháilte chun cruthú, obair, comhoibriú agus iad féin a chur in iúl sna healaíona agus trí na healaíona.
- Obair i gcomhar le seirbhísí áitiúla óige, oideachais agus pobail chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí ealaíon ardchaighdeáin agus ar ionchuimsiú agus rannpháirtíocht sna seirbhísí sin.
- Comhpháirtíochtaí cruthaitheacha uaillmhianacha a shainaithint ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta, ar comhpháirtíochtaí iad a chuireann tionscnaimh atá faoi stiúir ag an óige agus tionscnaimh sláinte óige chun cinn.
- Oiliúint a sholáthar do dhaoine óga chun gur féidir leo scileanna cruthaitheacha agus teicneolaíochta trasdisciplíneacha a fhorbairt. Déanfar amhlaidh trí iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail lena gcuirtear daoine óga i dteagmháil le meantóirí, le conairí tionscail agus le hinstitiúidí acadúla ealaíon tríú leibhéal.
- Deiseanna cláreagraithe idirghlúine a fhorbairt.
- Treisiú leis an gcaidreamh atá ar bun ag an gComhairle cheana féin le pobail agus eagraíochtaí áitiúla, mar aon leis an obair a dhéanann Clár Óige agus Oideachais Fhine Gall i mBaile Brigín, chun rannpháirtíocht fhiúntach na hóige i bpróisis chinnteoireachta a leabú.
- Ceangail chruthaitheacha agus infheictheacht a fheabhsú ag imeachtaí náisiúnta amhail Cruinniú na nÓg agus Oíche Chultúir.

## Sprioc

Is ionann Baile Brigín agus pobal forásach a thacaíonn go gníomhach le deiseanna d'ealaíontóirí, do ghairmithe cruthaitheacha agus dóibh sin a bhfuil spéis acu i ngairmeacha cruthaitheacha agus a fhorbraíonn deiseanna den sórt sin go gníomhach.

## Cén fáth ar roghnaíodh an tosaíocht seo?

Le blianta beaga anuas, rinne Baile Brigín é féin a athbheochan ina phobal bríomhar Ealaíon ina bhfuil raon éagsúil ealaíontóirí ó dhisciplíní difriúla, agus iad ag cónaí agus ag obair sa bhaile. Oibríonn a lán ealaíontóirí i spásanna stiúideo i gCaisleán Ard Giolláin faoi láthair. Tar éis Ceoláras nua The Lark a chur leis an bpobal mar ionad ealaíon ildisciplíneach agus tar éis 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath a fhorbairt ina mhol ealaíon, ina mbeidh stiúideonna ealaíontóirí, gailearaí taispeántas agus spás foghlama cruthaithí, áfach, beidh deis ag an gclár 'Áiteanna Ildánacha' freastal ar na riachtanais atá ag athrú, trí thacaíocht a thabhairt do chleachtóirí agus tionscail ealaíon atá ann cheana agus do chleachtóirí agus tionscail ealaíon atá ag teacht chun cinn, trí cháilíocht na beatha a fheabhsú, tríd an ngeilleagar áitiúil a neartú agus, dá bhrí sin, trí fhás leantach a chinntiú.

## Cuspóirí

- Treisiú le conairí d'ealaíontóirí áitiúla trí cheardlanna fothú acmhainneachta a sholáthar, rud ar féidir go n-áireofar leis oiliúint agus meantóireacht a sholáthar maidir le pleanáil le haghaidh modheolaíochtaí ardchaighdeáin atá gafa ón taobh sóisialta de, samhlacha dea-chleachtais, conairí cistiúcháin, agus naisc le cleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tionscadail nua a choimisiúnú, agus díriú á leagan ar chleachtas ealaíon atá gafa ón taobh sóisialta de agus a thacaíonn leis an ealaíontóir agus leis an bpobal saothar nuálach a chruthú le chéile.
- Deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí chun cuairt a thabhairt ar shamplaí den dea-chleachtas agus den chleachtas nuálach i dTionscnaimh eile 'Áiteanna Ildánacha' agus chun foghlaim uathu, rud a thacóidh le piarfhoghlaim agus le ceangal náisiúnta.
- Rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil sna healaíona a chur chun cinn, á chinntiú go mbíonn deiseanna ag daoine de gach aois scileanna ealaíne a fhorbairt.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le saineolaithe tionscail chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt.
- Tacú le 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath a fhorbairt ina phríomhshócmhainn don nuálaíocht chruthaitheach agus dhigiteach.
- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as na spásanna atá ann cheana chun tacú le gairmeacha cruthaitheacha agus le tionscail ildánacha.
- Acmhainneacht eacnamaíoch na hearnála ealaíon agus cultúir a chur chun cinn mar rogha inmharthana don fhostaíocht agus don fhiontraíocht.

## Sprioc

Bíonn feasacht agus comhoibriú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide á gcruthú go gníomhach ag Baile Brigín trí rannpháirtíocht chruthaitheach an phobail agus trí thionscadail forbartha ealaíne.

## Cén fáth ar roghnaíodh an tosaíocht seo?

Pobal cósta ag a bhfuil oidhreacht tionscail, lena n-áirítear an iascaireacht agus táirgeadh línéadaigh, is ea Baile Brigín. Dá bhrí sin, tá sé i riocht uathúil chun teacht chun bheith ina eiseamláir de dhul chun cinn trí ghlacadh leis an stair sin agus tríd an bpobal a dhéanamh níos feasaí ar an aeráid. Agus an daonra óige is mó in aghaidh an duine ar fud na tíre ag Baile Brigín, is féidir leis an gclár 'Áiteanna Ildánacha' aghaidh a thabhairt ar Imní faoin Aeráid i measc daoine óga agus iad a spreagadh na hábhair imní atá acu a chur in iúl trí aschuir ealaíne dhearfacha. Ina theannta sin, is féidir leis an ealaín agus leis an gcruthaitheacht feasacht a mhúscailt i measc spriocphobal leathan ar bhagairt an athraithe aeráide agus tacú le healaíontóirí gairmiúla cleachtais inbhuanaithe a fhorbairt chun athrú a dhéanamh ar na dearcthaí atá ann i leith cruthú agus úsáid ealaíne.

## Cuspóirí

- Cineálacha cur chuige atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de i leith cruthú ealaíne a spreagadh trí tháirgeadh tionscadal, trí chláir agus trí imeachtaí.
- Tús áite a thabhairt do gheilleagair chiorclacha áitiúla trí ábhair a athúsáid agus a athchuspóirú i gcleachtais ealaíon.
- Comhpháirtíochtaí trasearnála a chothú chun oiliúint, acmhainní agus deiseanna atá nuálach a sholáthar maidir le hoideachas ar an athrú aeráide agus maidir le rannpháirtíocht i leith an athraithe aeráide.
- Infheistiú i gcláir ealaíon lena múscláitear feasacht agus lena gcuirtear chun cinn athrú dearfach iompraíoch maidir leis an mbithéagsúlacht agus maidir leis an gceartas aeráide.
- Ealaín a léiriú mar uirlis oideachasúil le haghaidh gníomhú ar son na haeráide, arb uirlis í a chuireann saincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide in iúl go héifeachtach, a spreagann rannpháirtíocht agus a chothaíonn gníomhú sa phobal trí shaothar ealaíne nua.
- Tacú le comhar idir ealaíontóirí agus grúpaí pobail a bhfuil spriocanna coiteanna acu maidir le gníomhú ar son na haeráide.
- Tacú le tionscadail lena gceanglaítear gnáthghníomhaíochtaí cruthaitheacha laethúla (e.g., cócaráil, déanamh, siúl) le feasacht comhshaoil.
- Gníomhú ar son na haeráide a chur in iúl mar phróiseas cruthaitheach comhchoiteann agus pobalbhunaithe, seachas mar fhreagracht aonair.
- Inspioráid a fháil ó Bhaile Brigín mar Chrios Dícharbónaithe Fhine Gall a bhfuil mar sprioc aige aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050.
- Tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do dhaoine óga saincheisteanna agus ábhair imní a bhaineann leis an athrú aeráide a iniúchadh agus a chur in iúl.


Sa chomhairliúchán a rinneadh mar chuid den chlár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín', nochtadh léargas saibhir casta, ar léargas é a bhí contrártha in amanna, ar an dóigh a dtuigtear an chruthaitheacht, agus ar an dóigh a dtuigtear di agus a mblaistear di, ar fud an bhaile. Agus caidreamh á dhéanamh le grúpaí pobail, le daoine óga, le healaíontóirí agus le daoine breacaosta, tarraingíodh aird ar thosaíochtaí comhroinnte agus ar riachtanais shainiúla araon, rud a léirigh go soiléir an tábhacht a bhaineann le cur chuige solúbtha, ionchuimsitheach agus fadtéarmach a ghlacadh i leith forbairt chruthaitheach i mBaile Brigín. Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh cáilíochtúil agus cainníochtúil araon ó thaobh cur chuige de, agus soláthraíodh ceithre cheardlann.

Ar fud na ngrúpaí comhairliúcháin uile, tuigeadh an chruthaitheacht i dtéarmaí fairsinge a bhí i bhfad níos leithne ná rannpháirtíocht fhoirmiúil sna healaíona amháin. Cé gur luadh gníomhaíochtaí cruthaitheacha traidisiúnta amhail amharc-ealaín, ceol, drámaíocht, damhsa agus dearadh arís agus arís eile, shainaithin rannpháirtithe cócaráil, siúl, spórt, cniotáil, innealtóireacht, comhrá agus gluaiseacht chomhchoiteann mar ghníomhartha cruthaitheacha freisin. Tugann sé sin le tuiscint gur minic a bhlaistear den chruthaitheacht i mBaile Brigín mar rud corpraithe sóisialta atá leabaithe sa ghnáthshaol laethúil, seachas mar ghníomhaíocht ghairmiúil nó institiúideach amháin.

Dúirt daoine óga go háirithe gur eispéireas braite í an chruthaitheacht, arb eispéireas é a dtugtar tuairisc air go minic trí choincheapa amhail sreabhadh, saoirse, síocháin, léiriú, agus meon. Rud suntasach, rinne cuid mhór daoine óga ceangal idir an bhraistint chruthaitheachta sin agus spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil, rud a thugann le fios go bhfuil dlúthbhaint ag léiriú cruthaitheach le gluaiseacht agus le rialúchán mothúchánach. Ar an gcaoi chéanna, rinne daoine breacaosta ceangal idir an chruthaitheacht agus damhsa agus siúl, agus iad ag nascadh na ngníomhaíochtaí sin le cuimhne, le féiniúlacht, le ceangal, agus le folláine.

Ceistíonn na léargais sin na mínithe cúnga atá ann ar an gcruthaitheacht, agus tugann siad le tuiscint go bhfuil deis ag an gclár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' tuiscint níos leithne agus níos ionchuimsithí a chothú ar an saol cruthaitheach, ar tuiscint í a thugann an oiread céanna tábhachta don phróiseas, don rannpháirtíocht agus don taithí fíorshaoil agus a thugann sí don aschur ealaíne.

*Dúirt daoine óga go háirithe gur eispéireas braite í an chruthaitheacht, arb eispéireas é a dtugtar tuairisc air go minic trí choincheapa amhail sreabhadh, saoirse, síocháin, léiriú, agus meon.*



Tacóidh próiseas foirmiúil athbhreithnithe agus meastóireachta leis an gclár, ar próiseas é a sheolfaidh saineolaí seachtrach neamhspleách. Tá an mheastóireacht le bheith ina **próiseas forbarthach atá dírithe ar an bhfoghlaim**, agus ní ina measúnú atá suimitheach nó atá bunaithe ar mhéadrachtaí amháin. Beidh próisis scoite athbhreithnithe a bheidh ceaptha chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar thionchar ina gcuid dhílis de gach tionscadal. Ina theannta sin, déanfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall faireachán ar an gclár 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' mar chuid dá hathbhreithniú bliantúil foriomlán ar a clár oibre.

## Cistiú agus Pleanáil Oidhreachta

Iniúchfar pleananna cistiúcháin oidhreachta do chroí-chláreagrú an chláir 'Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín' tar éis na bliana 2027. Tríd an luathphleanáil sin a dhéanfar ar son na hinbhuanaitheachta, tacófar le leanúnachas agus le tionchar fadtéarmach.

Áireofar iad seo a leanas leis na cineálacha féideartha cur chuige:

- Samhlacha cistiúcháin chomhfhreagraigh
- Ealaíontóirí agus grúpaí pobail a threorú chuig cúnamh deontais iomchuí
- Tacaíocht dhaonchairdiúil a iniúchadh

A bhuí le cur chuige cistiúcháin éagsúlaithe, neartófar athléimneacht agus tacófar le fad saoil an chláir.



**An straitéis Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016 – 2025) ón gComhairle Ealaíon** agus beartais iomchuí, lena n-áirítear Áit, Spás agus Daoine, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, agus Ealaín Leanaí agus Daoine Óga.

**Plean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall 2019 – 2029**
Tá sé mar aidhm leis an bPlean Ealaíon a chur ar chumas gach duine i bhFine Gall raon leathan eispéireas ealaíon agus cultúrtha a rochtain, éagsúlacht ó thaobh cleachtais ealaíon de a chothú, agus tacú le healaíontóirí ó chúlraí éagsúla.

**Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2025 – 2030** agus doiciméid iomchuí amhail Spásanna Sóisialta agus Seirbhísí Óige do Dhaoine Óga i mBaile Brigín agus an Straitéis Ríochta Poiblí.

**Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall 2023-2027** agus beartais iomchuí, lena n-áirítear Óige Ildánach, Pobail Ildánacha, Tionscail Ildánacha (Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití), Sláinte agus Folláine Ildánach, agus An Chruthaitheacht agus an tAthrú Aeráide.

**An Creat Náisiúnta Pleanála**
Is é an Creat Náisiúnta Pleanála an straitéis fhadtéarmach 20 bliain do phleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe ár limistéar uirbeach agus tuaithe go dtí an bhliain 2040, arb iad na croíchuspóirí atá leis forbairt réigiúnach chothromaithe a áirithiú agus cur chuige inbhuanaithe 'dlúthfháis' a ghlacadh i leith chineál agus phatrún na forbartha amach anseo.

**Plean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2023 – 2029**
Leagtar amach sa Phlean Forbartha an creat le haghaidh forbairt amach anseo i bhFine Gall a threorú. Is doiciméad straitéiseach é, ina mbeartaítear go dtiocfaidh Fine Gall chun bheith ina líonra comhtháite de lonnaíochtaí uirbeacha agus de phobail tuaithe atá bríomhar ón taobh sóisialta de agus atá rathúil ón taobh eacnamaíoch de, a thacóidh le pobal ealaíne bríomhar agus a choinneoidh an pobal sin ar bun, a chuirfidh saol cultúrtha an Chontae chun cinn agus a chuirfidh lena inrochtana atá saoráidí ealaíon agus cultúrtha do gach duine den phobal.

**Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Fhine Gall 2023 – 2028**
Leagtar amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail na cuspóirí agus na gníomhartha is gá thar thréimhse sé bliana chun forbairt eacnamaíoch agus pobail Fhine Gall a chur chun cinn agus a chothú. Tá an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail bunaithe ar shé chroíthéama: Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide; Geilleagar Rachmasach; Scileanna don Saol agus don Obair; Pobail atá Sláintiúil, Ionchuimsitheach agus Ceangailte; Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht atá Saibhir; agus Áiteanna atá Sábháilte, Inrochtana agus Bríomhar. Faoi bhun gach téama, díorthaíodh sraith spriocanna ardleibhéil, lena n-áirítear ealaíona agus oidhreacht Fhine Gall a chur chun cinn agus a chosaint agus glacadh le héagsúlacht chultúrtha sa chontae.

**Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2025 – 2029**

Is creat straitéiseach le haghaidh gnímh é an plean, ina leagtar amach na tosaíochtaí agus na cuspóirí straitéiseacha le haghaidh an fhís atá ag an gComhairle d'Fhine Gall a bhaint amach, is é sin go mbeadh Fine Gall ina 'áit iontach chun cónaí, obair agus gnó a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air'. Tá sé bunaithe ar shé théama straitéiseacha: Bonneagar Straitéiseach a Sholáthar; Fás Eacnamaíoch a Chumasú; Ceangal lenár bPobail; Glacadh leis an Teicneolaíocht agus leis an Nuálaíocht; Gníomhú ar son na hAeráide a Bhrú Chun Cinn; agus Seirbhís Ardchaighdeáin a Sholáthar.

**Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Forbartha Eacnamaíche (2024)**

Foilsíodh Straitéis Forbartha Eacnamaíche Fhine Gall sa bhliain 2024, ina leagtar amach fís 15 bliana don gheilleagar áitiúil. Sainaithnítear inti deiseanna, cuspóirí agus gníomhartha chun an fhís do gheilleagar Fhine Gall a bhaint amach, is é sin go mbeadh geilleagar Fhine Gall "dinimiciúil, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach, agus bonneagar agus comhoibriú láidir agus scileanna láidre taobh thiar de".

**Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Scileanna Fhine Gall 2024 – 2029**

Forbraíodh Straitéis Scileanna Fhine Gall mar cheann de na cuspóirí faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Fhine Gall 2016 – 2020, agus is í an chéad straitéis scileanna trasearnála a forbraíodh riamh ar an leibhéal áitiúil in Éirinn. Is é an cuspóir atá leis an straitéis raon moltaí agus gníomhartha a chur chun feidhme chun scileanna an fhórsa saothair i bhFine Gall a fhás, rud a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh agus d'fhostóirí araon.

**Comhairle Contae Fhine Gall – Plean Gníomhaíochta Fhine Gall um Bithéagsúlacht 2023-2030**

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Fhine Gall um Bithéagsúlacht céad gníomh atá ceaptha chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta i bhFine Gall faoin mbliain 2030. Tá comhlíonadh an Phlean um Bithéagsúlacht agus an Líonra Éiceolaíoch a ghabhann leis ina spriocanna uaillmhianacha, agus beidh acmhainní suntasacha ag teastáil chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine.

**An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 | Comhairle Contae Fhine Gall**

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide raon gníomhartha ar fud sé réimse théamaithe: Fuinneamh agus Foirgnimh; Iompar; Athléimneacht i leith Tuilte; Réitigh Dhúlrabhunaithe; Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní; agus Rannpháirtíocht an Phobail.

**Cairt na nEalaíon san Oideachas**

**Straitéis Náisiúnta d'Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024 – 2028**

**Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023 – 2028**

**An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht**

**Plean Forbartha Cúig Bliana Chomhairle na nÓg**

**Daonáireamh 2022**

**Innéacs Díothachta Pobal HP 2022**

## Tá an míniú seo a leanas tugtha ar **Thionscail Chultúrtha agus Chruthaitheachta** i dTreochlár Éire Ildánach do Thionscail na Cruthaitheachta Digití:

"Cuimsíonn an dearcadh leathan maidir leis na 'Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheachta' earnálacha ón bhfógraíocht agus ón dearadh, bogearraí agus cluichí digiteacha, go hearnáil an chlosamhairc, agus na hearnálacha tumthacha, an fhoilsitheoireacht, an ailtireacht, an ceol, na healaíona níos leithne, leabharlanna agus an oidhreacht chultúrtha. Eascraíonn tionscail chruthaitheachta ón earnáil chultúrtha atá faoi bhláth – a sholáthraíonn ábhar agus a chruthaíonn luach, a spreagann samhlacha nua gnó agus deiseanna nua fáis"

## An míniú atá tugtha ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar **Earnáil Chruthaitheach:**

"Tríd is tríd, tá an earnáil chruthaitheach mínithe mar 'Gairmeacha agus tionscail atá dírithe ar an gcruthaitheacht, le haghaidh earraí agus seirbhísí bunaidh a tháirgeadh agus a dháileadh. Áirítear léi gnólachtaí amhail ailtirí, dearthóirí, foilsitheoirí agus forbróirí bogearraí. Cuimsíonn an earnáil cruthaitheachta 12 fhodheighleog san iomlán. Inár réigiún, feicimid go bhfuil sí comhdhéanta go príomha de thrí réimse: an Cheardaíocht, an Cultúr agus an Chruthaitheacht".

the arts council
an chomhairle ealaíon

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

arts.fingal.ie

Creative Places Balbriggan
CREATIVE YOUTH
CREATIVE INDUSTRY
CLIMATE ACTION